Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10050/25**

**EF 187**
**ECOFIN 736**
**DELACT 74**
***ECB***

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3221 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 5.6.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis in iarratas ar údarú chun comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó chun a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3221 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 3221 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2025
C(2025) 3221 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.6.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis in iarratas ar údarú chun comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó chun a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2023/1114 ('an Rialachán'), tugtar de chumhacht don Choimisiún, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach ('ÚBE') dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chur isteach, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, gníomh tarmligthe a ghlacadh chun 'an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2' d'Airteagal 18 a shonrú tuilleadh, a bhaineann le hinneachar an iarratais ar údarú chun comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó chun a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála.

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear ÚBE, cinnfidh an Coimisiún laistigh de 3 mhí ón dáta ar a bhfaightear na dréachtchaighdeáin, an bhformhuineoidh sé leis na dréachtaí arna gcur isteach nó an ndiúltóidh sé iad. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gan na dréachtchaighdeáin a fhormhuiniú ach go páirteach, nó iad a fhormhuiniú maille le leasuithe, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir leis an sainordú in Airteagal 18(6) den Rialachán, d'fhorbair ÚBE an dréachtchaighdeán teicniúil rialála i ndlúthchomhar leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus leis an mBanc Ceannais Eorpach.

I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. (AE) 1093/2010, rinne ÚBE comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ar shuíomh idirlín ÚBE an 12 Iúil 2023, agus dúnadh an comhairliúchán an 12 Deireadh Fómhair 2023. Thairis sin, d'iarr ÚBE ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta, a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, comhairle a thabhairt ina leith. Ina theannta sin, chuaigh ÚBE i gcomhairle go neamhfhoirmiúil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 57(1)(g) de Rialachán (AE) 2018/1725 (EUDPR), chun a dtuairimí a lorg maidir le saincheisteanna príobháideachais a d'fhéadfadh a bheith ann i leith na gcaighdeán teicniúla rialála ag féachaint d'iarraidh ar shonraí pearsanta. In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, chuir ÚBE míniú isteach ar an gcaoi ar cuireadh toradh an chomhairliúcháin phoiblí san áireamh agus na dréachtchaighdeáin theicniúla deiridh a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin á bhforbairt. Ba iad seo a leanas na príomhbharúlacha agus freagraí ÚBE. Ba é ab aidhm do bharúlacha áirithe cuspóir an údaraithe a shoiléiriú i dtaobh an mbaineann sé leis an tairiscint phoiblí amháin nó leis an ligean isteach chun trádála nó leis an eisiúint freisin. Leasaíodh na caighdeáin theicniúla rialála chun a shoiléiriú, cé nach mbaineann an t-údarú ach leis an tairiscint phoiblí nó leis an ligean isteach chun trádála agus nach bhfuil an eisiúint faoi réir údaraithe, nach bhféadfaidh ach eisitheoir is iarratasóir iarratas a chur isteach, ní fhéadfar údarú a dheonú ach d'eisitheoir. Tugadh faoi deara i mbarúlacha áirithe go bhféadfadh sé a bheith deacair ar eisitheoirí is iarratasóirí i dtríú tíortha roinnt ceanglais faisnéise a fháil. Leis na barúlacha sin, tugadh an deis chun é a shoiléiriú nach bhféadfaidh ach duine dlítheanach nó gnóthas eile atá bunaithe san Aontas a bheith ina eisitheoir is iarratasóir . Bhain barúlacha áirithe leis na ceanglais faisnéise a bhaineann le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus le feidhmiú an mheasúnaithe ar a n-oiriúnacht. Thug ÚBE dá aire go bhfuil na ceanglais faisnéise a leagtar amach sna caighdeáin theicniúil rialála reatha i gcomhréir leis na ceanglais is gá le haghaidh institiúidí airgeadais eile.

Thairis sin, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chuir ÚBE a mheasúnú tionchair isteach, lena n- áirítear an anailís a rinne sé ar na costais agus ar na tairbhí, a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar síos leis na caighdeáin theicniúla rialála an liosta cuimsitheach d'fhaisnéis atá le soláthar in iarratas ag daoine dlítheanacha nó gnóthais eile (seachas institiúidí creidmheasa) atá ag iarraidh an t-údarú a fháil, lena sonraítear an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 18(2) den Rialachán. Leis na caighdeáin theicniúil rialála, leantar struchtúr na dtáirgí rialála ceadúnúcháin agus cumhdaítear an méid seo a leanas:

(a) mionsonraí aitheantais an eisitheora is iarratasóir;

(b) an clár oibríochtaí, lena n-áirítear príomhghnéithe na heisiúna atá beartaithe – i.e. sonraíocht an tsásra chun comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint agus a fhuascailt – eisiúintí nó gníomhaíochtaí eile gan íoc arna ndéanamh ag an eisitheoir is iarratasóir, an tsamhail ghnó, an straitéis agus an measúnú riosca (lena n-áirítear riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta), an réamhaisnéis airgeadais lena léirítear inmharthanacht an phlean gnó;

(c) na socruithe rialachais inmheánaigh agus an t-eagrúchán struchtúrach - lena n-áirítear faisnéis faoi sholáthraithe tríú páirtí feidhmeanna criticiúla agus tábhachtacha - an creat rialaithe inmheánaigh - lena n-áirítear an creat bainistithe riosca TFC nach mór a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán 2022/2554/AE maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais;

(d) an bainistiú leachtachta, cúlchiste sócmhainní agus cearta fuascailte, lena n-áirítear tuairisc ar an sásra cobhsaíochta don chomhartha sócmhainn-tagartha a bhfuil an t-údarú á lorg ina leith,

(e) oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta;

(f) dea-cháil leordhóthanach chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta, scairshealbhóirí nó comhaltaí ag a bhfuil sealúchais cháilitheacha dhíreacha nó indíreacha.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.6.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis in iarratas ar údarú chun comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó chun a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937[1], agus go háirithe Airteagal 18(6), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun é a chur ar chumas údarás inniúil measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann daoine dlítheanacha nó gnóthais eile a bhfuil sé beartaithe acu comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála (‘eisitheoirí is iarratasóir’) na ceanglais a leagtar síos i dTeideal III de Rialachán (AE) 2023/1114 agus nach dtagann siad faoi aon cheann de na forais lena dtugtar údar le húdarú a dhiúltú, ba cheart an fhaisnéis atá le soláthar in iarratas ar údarú chun comhartha sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó chun ligean isteach chun trádáil comhartha sócmhainn-tagartha a iarraidh arna chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den Rialachán sin a bheith mionsonraithe agus cuimsitheach go leor.

(2) Ba cheart don eisitheoir is iarratasóir faisnéis atá fíor, cruinn, iomlán agus cothrom le dáta a chur isteach. Chuige sin, ba cheart don eisitheoir is iarratasóir na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi aon athrú nó nuashonrú, a tharlaíonn tar éis an t-iarratas a chur isteach, agus roimh thairiscint phoiblí nó ligean isteach an chomhartha sócmhainn-tagartha chun a thrádála, a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthraítear san iarratas, agus a d’fhéadfadh a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a fhiosrú freisin ar tharla aon athrú nó nuashonrú roimh an tairiscint phoiblí nó roimh ligean isteach an chomhartha sócmhainn-tagartha sin chun a thrádála.

(3) San iarratas ar údarú, ba cheart faisnéis a bheith ann maidir leis an eisitheoir is iarratasóir, lena n-áirítear faisnéis maidir lena chéannacht agus faisnéis maidir le hoiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus maidir le dea-cháil leordhóthanach na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, bíodh siad díreach nó indíreach, ag a bhfuil sealúchais cháilitheacha.

[1] IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.

(4) Bheadh sonraí pearsanta san áireamh san fhaisnéis atá san iarratas ar údarú. I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, a chumhdaítear in Airteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], níor cheart a iarraidh ach sonraí pearsanta atá riachtanach chun a chur ar chumas an údaráis inniúil measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an eisitheoir is iarratasóir, measúnú a dhéanamh ar chomhaltaí a chomhlachta bainistíochta, ar a chumas ceanglais stuamachta Rialachán (AE) 2023/1114 a chomhlíonadh, agus nach dtagann an t-eisitheoir is iarratasóir faoi aon fhoras leis an údarú a dhiúltú mar a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointí (a) go (e), de Rialachán 2023/1114.

(5) Chun léargas cuimsitheach a thabhairt d'údaráis inniúla ar oibríochtaí reatha agus beartaithe na n-eisitheoirí is iarratasóirí agus ar an eagraíocht ghaolmhar, ba cheart do na heisitheoirí is iarratasóirí clár oibríochtaí a áireamh ina n-iarratas ar údarú.

(6) Maidir le heisitheoirí comhartha sócmhainn-tagartha nach soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ná eintitis eile faoi oibleagáid iad, níl siad faoi réir Threoir 2015/849/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] ná Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar samhail ghnó an eisitheora is iarratasóir a struchtúrú ar bhealach nach nochtann an t-eisitheoir is iarratasóir ná an earnáil airgeadais do rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, ós rud é gur foras é sin chun an t-údarú a dhiúltú. Dá réir sin, ba cheart don eisitheoir is iarratasóir measúnú riosca foriomlán a sholáthar ina bhfuil faisnéis leordhóthanach chun cur ar chumas an údaráis inniúil measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint agus íogaireacht shamhail ghnó an eisitheora is iarratasóir i ndáil le rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta. Ba cheart a áireamh sa mheasúnú riosca foriomlán faisnéis maidir leis na sásraí agus na socruithe a bhaineann le comhartha sócmhainn-tagartha a eisiúint, a fhuascailt agus a dháileadh agus maidir leis an rannpháirtíocht atá beartaithe ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sna sásraí sin. I gcás ina mbeadh socruithe i samhail gnó an eisitheora is iarratasóir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, ba cheart a áireamh san iarratas ar údarú tuairisc réamhbhreathnaitheach arna hullmhú ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní den sórt sin ar a rialuithe inmheánacha agus ar chomhlíonadh leanúnach rialacha ábhartha an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.

(7) Tá creata rialaithe inmheánaigh éifeachtach, lena n-áirítear bainistiú riosca faisnéise agus córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus bainistiú riosca ríthábhachtach chun bainistiú fónta stuama a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an eisitheora is iarratasóir agus ar na cúlsócmhainní chun rioscaí oibríochtúla agus

---

[2] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj). http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

[3] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj).

[4] Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1113/oj).

cineálacha eile rioscaí a chosc, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart d'eisitheoirí is iarratasóirí doiciméadacht leordhóthanach a sholáthar maidir lena gcreat rialaithe inmheánaigh agus lena gcreat bainistithe riosca TFC lena léirítear go gcomhlíonann siad Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(8) Tá cúlchistí sócmhainní ríthábhachtach chun éifeachtacht an tsásra cobhsaíochta atá mar bhonn taca faoin gcomhartha sócmhainn-tagartha agus faoi chearta fuascailte sealbhóirí comharthaí a áirithiú i gcónaí, lena n-áirítear i gcás struis. Dá bhrí sin, in éineacht leis an iarratas ar údarú, ba cheart d'eisitheoirí is iarratasóirí beartais shoiléire agus mhionsonraithe a chur isteach maidir le comhdhéanamh, comhdhéanamh, leithscaradh, cumhdach agus bainistiú infheistíochta na gcúlchistí sócmhainní sin.

(9) Ba cheart d'eisitheoirí is iarratasóirí an fhaisnéis uile is gá agus is leordhóthanach a sholáthar don údarás inniúil lena gcuirfear ar chumas an údaráis inniúil measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais oiriúnachta agus nach dtagann siad faoi aon cheann de na forais leis an údarú a dhiúltú a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2023/1114. Chun na críche sin, ba cheart an fhaisnéis atá ábhartha maidir le measúnú ar chlú a bheith san iarratas ar údarú, lena n-áirítear faisnéis leordhóthanach lenar féidir a fhíorú nár ciontaíodh comhaltaí an chomhlachta bainistíochta: i gcionta a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó in aon chion eile a dhéanfadh difear dá dhea-cháil, chun measúnú a dhéanamh ar a thaithí ghairmiúil, ar a eolas agus ar a scileanna sna réimsí a bhaineann le seirbhísí airgeadais, cripteashócmhainní, sócmhainní digiteacha eile, teicneolaíocht mórleabhar dáilte (DLT), nuálaíocht dhigiteach, teicneolaíocht faisnéise (TF), cibearshlándáil nó bainistiú agus faisnéis lenar féidir measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht a thiomantais ama. Chun comhleanúnachas agus comhordú a áirithiú i measc cinntí maoirseoirí airgeadais éagsúla, ba cheart don fhaisnéis sin aon réamh-mheasúnú arna soláthar ag údaráis inniúla a áireamh leis sin freisin.

(10) Maidir le scairshealbhóirí agus comhaltaí a shealbhaíonn sealúchais cháilitheacha go díreach nó go hindíreach san eisitheoir is iarratasóir, ba cheart an fhaisnéis uile a bheith san iarratas ar údarú lena gcuirtear ar chumas an údaráis inniúil measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar dhea-cháil leordhóthanach scairshealbhóirí nó comhaltaí den sórt sin agus nach dtagann siad faoin bhforas leis an údarú a dhiúltú a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2023/1114. Chun na críche sin, ba cheart faisnéis riachtanach agus leordhóthanach a bheith san iarratas ar údarú lena gcuirtear ar chumas údarás inniúil a fhíorú nár ciontaíodh na scairshealbhóirí sin ná na comhaltaí sin a bhfuil sealúchais cháilitheacha dhíreacha nó indíreacha acu i gcionta a bhaineann le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nó in aon chion eile a dhéanfadh difear dá ndea-cháil agus deimhneacht agus tionscnamh dlisteanach na gcistí nó na sócmhainní eile a úsáidtear chun an t-eisitheoir is iarratasóir a chur ar bun agus gnó an eisitheora is iarratasóir sin a mhaoiniú.

(11) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin, a forbraíodh i

[5] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj).

ndlúthchomhar leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus leis an mBanc Ceannais Eorpach.

(12) Sheol an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus thug sé tuairim uaidh an 17 Iúil 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Faisnéis faoi chéannacht an eisitheora is iarratasóir*

1. Chun críocha Airteagal 18(2) pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2023/1114, beidh in iarratas ar údarú an fhaisnéis uile seo a leanas maidir le céannacht an eisitheora is iarratasóir:

(a) ainm dlíthiúil iomlán reatha an eisitheora is iarratasóir, a ainm trádála, a lógó, na seoltaí suímh gréasáin do na bealaí cumarsáide agus margaíochta uile atá aige, lena n-áirítear cuntais meán sóisialta agus, i gcás inarb infheidhme, aon athrú atá beartaithe ar na hainmneacha, na cuntais nó na seoltaí sin;

(b) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh ISO 17442 an eisitheora is iarratasóir arna bhailíochtú, arna eisiúint agus arna athnuachan go cuí agus arna scaoileadh i gcomhréir le téarmaí aon cheann d'Aonaid Oibríochtúla Áitiúla chreidiúnaithe an Chórais Dhomhanda Aitheantóirí Eintiteas Dlítheanach;

(c) foirm dhlíthiúil an eisitheora is iarratasóir;

(d) dáta agus Ballstát chorprú nó fhoirmiú an eisitheora is iarratasóir;

(e) Ballstát agus seoltaí oifig chláraithe an eisitheora is iarratasóir agus, i gcás nach ionann iad, a cheannoifig, agus a phríomháit ghnó;

(f) i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir is iarratasóir cláraithe i gclár lárnach, i gclár tráchtála, i gclár na gcuideachtaí nó i gclár poiblí comhchosúil nach ionann é agus an clár dá dtagraítear sa dara fomhír, ainm an chláir sin agus cláruimhir an eisitheora is iarratasóir nó modh coibhéiseach aitheantais sa chlár sin agus cóip den deimhniú clárúcháin;

---

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

[7] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(g) ionstraimí comhdhéanaimh nó reachta an eisitheora is iarratasóir, agus na hairteagail chomhlachais;

(h) i gcás inar gnóthas nach duine dlítheanach é an t-eisitheoir is iarratasóir, doiciméadacht lena meastar go bhfuil an leibhéal cosanta do leasanna tríú páirtí, lena n-áirítear cearta sealbhóirí comhartha sócmhainn-tagartha, coibhéiseach leis an leibhéal a thugann daoine dlítheanacha agus go bhfuil an t-eisitheoir is iarratasóir faoi réir maoirseacht stuamachta choibhéiseach is iomchuí dá fhoirm dhlíthiúil;

(i) dáta dheireadh na bliana cuntasaíochta don eisitheoir is iarratasóir;

(j) ainm iomlán agus sonraí teagmhála, lena n-áirítear uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist, an duine laistigh den eisitheoir is iarratasóir lenar féidir teagmháil a dhéanamh maidir leis an iarratas ar údarú;

(k) ainm iomlán agus sonraí teagmhála, lena n-áirítear uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist, an phríomhchomhairleora ghairmiúil, más ann dó, a úsáideadh chun an t-iarratas ar údarú a ullmhú.

Chun críocha phointí (c) go (g), a mhéid a bhaineann le daoine dlítheanacha faoi raon feidhme Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], beidh an fhaisnéis dá dtagraítear sna pointí sin ag teacht leis an bhfaisnéis atá sa chlár gnó náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 16 den Treoir sin.

*Airteagal 2*

*Clár oibríochtaí: faisnéis faoin tsamhail ghnó, faoin straitéis agus faoin bpróifíl riosca*

1. San iarratas ar údarú, agus chun críocha Airteagal 18(2), pointe (d) de Rialachán (AE) 2023/1114, beidh clár oibríochtaí ina leagfar amach samhail ghnó, straitéis agus measúnú riosca an eisitheora is iarratasóir go ceann 3 bliana tar éis an t-údarú a dheonú.

2. I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2023/1114, áireofar sa chlár oibríochtaí dá dtagraítear i mír 1 gach ceann díobh seo a leanas:

(a) faisnéis faoi ghníomhaíochtaí gnó an eisitheora is iarratasóir, lena n-áirítear:

(i) príomhghnéithe an chomhartha sócmhainn-tagartha a bhfuil an t-údarú á lorg ina leith, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

(1) ainm agus cineál an chomhartha sócmhainn-tagartha atá beartaithe ag an eisitheoir is iarratasóir a eisiúint agus a bhfuil údarú á lorg ina leith chun é a thairiscint don phobal nó chun a iarraidh go ligfí isteach é chun a thrádála;

(2) sonrú i dtaobh an bhfuil an t-údarú á lorg chun comhartha sócmhainn-tagartha den sórt sin a thairiscint don phobal nó chun a iarraidh go ligfí isteach é chun a thrádála;

(3) tuairisc ar an sásra trína n-eisítear an comhartha sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear na conarthaí cliste mar aon le doiciméad míniúcháin maidir lena bhfeidhmiú, an modh íocaíochta

8 Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (códú) (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1132/oj).

chun an comhartha sócmhainn-tagartha a cheannach, agus na bealaí dáileacháin, go háirithe na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhorghníomhaíonn orduithe díola nó ardáin malartaithe cripteashócmhainní;

(4) i gcás ina ndéanann an t-eisitheoir is iarratasóir comhaontú chun an comhartha sócmhainn-tagartha a dháileadh, ainm agus sonraí teagmhála na ndáileoirí agus tuairisc ar róil, freagrachtaí, cearta agus oibleagáidí eisitheoir an chomhartha sócmhainn-tagartha agus na ndáileoirí araon, lena n-áirítear an dlí is infheidhme maidir leis an gcomhaontú;

(5) tuairisc ar an sásra trína bhfuasclaítear an comhartha sócmhainn-tagartha, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an léiriú i dtaobh an mbeidh baint ag soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní leis an bhfuascailt a fhorghníomhú;

(6) an prótacal nó an sásra comhthola a úsáidtear chun idirbhearta a bhailíochtú, lena n-áirítear an tuairisc ar ghnéithe na críochnaitheachta socraíochta;

(7) an teicneolaíocht mórleabhar dáilte (DLT) aonair nó iolrach ina n-eisítear an comhartha sócmhainn-tagartha agus na droichid idir-inoibritheachta idir DTLanna éagsúla den sórt sin atá ar fáil tráth an iarratais ar údarú, mar a léirítear sa pháipéar bán;

(ii) aon chomhartha sócmhainn-tagartha, comhartha ríomh-airgid, cripteashócmhainní nó sócmhainní digiteacha eile gan íoc atá ann cheana arna n-eisiúint ag an eisitheoir is iarratasóir, agus léiriú ar na méideanna gaolmhara gan íoc, na líonraí agus na margaí ina ndáiltear agus ina dtrádáiltear iad sin, méid, comhdhéanamh, socruithe cumhdaigh agus coimeádaithe an chúlchiste sócmhainní ghaolmhair, nó ceanglais maidir le comharthaí ríomh-airgid a choimirciú, de réir mar is infheidhme;

(iii) aon ghníomhaíocht airgeadais agus neamhairgeadais eile a dhéanann an t-eisitheoir is iarratasóir agus a bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir is iarratasóir leanúint de bheith á déanamh i gcás ina ndeonaítear an t-údarú, agus an idirghníomhaíocht idir gníomhaíochtaí den sórt sin, más ann dóibh;

(iv) i gcás ina mbaineann an t-eisitheoir is iarratasóir le grúpa, forléargas ar eagrúchán agus struchtúr an ghrúpa sin, ina dtugtar tuairisc ar ghníomhaíochtaí na n-eintiteas sa ghrúpa agus ina léirítear na máthairghnóthais, na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (20), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (21), den Rialachán sin, agus cuideachtaí sealbhaíochta infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1),

[9] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

pointe (20a), den Rialachán sin, laistigh den ghrúpa, chomh maith le haon údarú, clárú nó ceadúnais eile arna ndeonú ag údarás inniúil san earnáil airgeadais atá i seilbh aon ghrúpeintitis den sórt sin nó an eisitheora is iarratasóir;

(b) tuairisc ar an timpeallacht ghnó ina n-oibreoidh an t-eisitheoir is iarratasóir, ag díriú ar na hearnálacha criptea-shócmhainní agus íocaíochta, lena n-áirítear:

(i) na príomhghníomhaithe margaidh agus na príomh-phiaraí atá ann cheana;

(ii) forbairt dhóchúil na timpeallachta gnó agus aon riosca gaolmhar a d'fhéadfadh a bheith ann;

(iii) anailís ar staid iomaíoch an eisitheora is iarratasóir sa mhargadh;

(c) tuairisc ar straitéis fhoriomlán ghnó an eisitheora is iarratasóir agus, i gcás ina mbaineann an t-eisitheoir is iarratasóir le grúpa, ar straitéis fhoriomlán ghrúpa, lena n-áirítear:

(i) míniú ar na spriocanna straitéiseacha;

(ii) léiriú ar na príomhspreagthaí gnó;

(iii) léiriú ar aon bhuntáiste iomaíoch sainaitheanta, lena n-áirítear aon taithí roimhe sin san earnáil dhigiteach, méid agus inscálaitheacht an ghnó, sainiúlachtaí DLT, lena n-áirítear rochtain phríobháideach nó phoiblí ar an líonra blocshlabhra arna deonú ag úinéir an líonra nó socruithe rialaithe, prótacail ghaolmhara bhailíochtaithe agus sásraí comhthola nó an líon idirbheart atá beartaithe in aghaidh an tsoicind;

(iv) tuairisc ar na sprioc-chustaiméirí, lena n-áirítear fiontair mhiondíola, chorparáideacha, institiúideacha, bheaga agus mheánmhéide, eintitis phoiblí, ar na spriocmhargaí agus ar an dáileadh geografach, lena n-áirítear an liosta de na Ballstáit óstacha dá dtagraítear in Airteagal 18(2), pointe (r), de Rialachán (AE) 2023/1114;

(v) measúnú riosca ina gcumhdaítear na rioscaí iarbhír nó ionchasacha a bhféadfadh an gnó atá beartaithe a bheith neamhchosanta orthu, lena n-áirítear:

(1) fachtóirí riosca gnó, amhail mainneachtain sprioc suibscríofa íosta maidir le heisiúint an chomhartha sócmhainn-tagartha a bhaint amach, i gcás ina soláthraítear í sin;

(2) riosca oibriúcháin, calaois, TFC agus rioscaí cibearshlándála;

(3) rioscaí airgeadais lena n-áirítear riosca leachtachta, riosca margaidh agus creidmheasa;

(4) rioscaí a bhaineann leis na soláthraithe suntasacha tríú páirtí;

(5) rioscaí bunúsacha agus iarmharacha a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, agus ag féachaint freisin do na sásraí agus do na socruithe a bhaineann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha a eisiúint, a fhuascailt agus a dháileadh;

(vi) maitrís a eascraíonn as idirghníomhú láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí na straitéise gnó.

Chun críocha phointe (a)(i)(4), i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir is iarratasóir eintitis eile a cheapadh, ar údarú a fháil le toiliú agus i scríbhinn, chun an tairiscint don phobal a dhéanamh nó chun an comhartha sócmhainn-tagartha a ligean isteach chun a thrádála, áireofar san iarratas ar údarú beartais agus nósanna imeachta lena soiléirítear, *inter alia,* go mbeidh an fhreagracht as Teideal III de Rialachán (AE) 2023/1114 a chomhlíonadh ar eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha ar tugadh údarú dó i gcónaí agus go mbeidh na heintitis eile sin arna gceapadh faoi réir na gceanglas iompair agus margaíochta a leagtar síos in Airteagal 16(1), an dara fomhír, den Rialachán sin.

*Airteagal 3*
*Clár oibríochtaí: faisnéis airgeadais maidir leis an bplean gnó*

1. San iarratas ar údarú beidh plean gnó ina míneofar inmharthanacht tosaigh agus inbhuanaitheacht leanúnach shamhail ghnó an eisitheora is iarratasóir agus cumas an eisitheora is iarratasóir na ceanglais stuamachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1114 a chomhlíonadh ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad ón údarú a dheonú ar bhonnlíne agus ar chás struis.

2. Beidh an cás struis dá dtagraítear i mír 1 ag brath ar chásanna struis atá dian ach sochreidte, arna gceapadh ar bhonn Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/415 ón gCoimisiún[10]. I gcás iarratas ar údarú a bhaineann le comhartha sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a thrádála, a n-iarrtar aicmiú deonach mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach ina leith dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, tabharfar aird ar leith sa chás struis ar staideanna struis leachtachta.

3. Beidh toimhdí aon phlean gnó inchreidte agus réalaíoch agus beidh siad ag brath ar réamhaisnéisí maicreacnamaíocha oifigiúla arna mionsaothrú ag institiúid de chuid an Aontais nó ag institiúid náisiúnta phoiblí.

4. I gcás ina mbaineann an t-iarratas ar údarú le comhartha sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a thrádála, a n-iarrtar aicmiú deonach mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach ina leith, léireofar go soiléir sa phlean gnó go gcomhlíonann an eisiúint atá beartaithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus léireofar go leordhóthanach leis castacht agus próifíl riosca níos airde an eisitheora is iarratasóir.

5. Áireofar sa phlean gnó an fhaisnéis airgeadais réamhaisnéise faoin eisitheoir is iarratasóir ar leibhéal aonair agus, i gcás inarb infheidhme, ar leibhéal comhdhlúite, lena dtacófar leis an míniú ar bhrabúsacht ghnó agus ar a inchreidteacht, lena n-áirítear:

   (a) pleananna réamhaisnéise cuntasaíochta do na 3 bliana tar éis údarú a dheonú, lena n-áirítear:

      (i) cláir chomhardaithe réamhaisnéise;

---

[10] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/415 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear coigeartú an cheanglais cistí dílse agus gnéithe íosta de chláir tástála struis eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nó comharthaí ríomh-airgid (OJ L, 2025/415, 24.03.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/415/oj)

(ii) cuntais réamhaisnéis bhrabúis agus chaillteanais nó ráitis réamhaisnéis ioncaim, ina sonraítear na foinsí ioncaim atá beartaithe (lena n-áirítear táillí nó athluacháil cúlchiste sócmhainní), costais sheasta agus athraitheacha (go háirithe costais saothair, riaracháin, DLT, TFC, chumhdaigh agus bainistithe cúlchiste sócmhainní nó socruithe tríú páirtí);

(iii) ráitis réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid i gcás inarb infheidhme;

(iv) rátaí fáis réamhaisnéise mar aon le míniú ar na toimhdí riosca gaolmhara, lena n-áirítear cumais bainistithe riosca an eisitheora is iarratasóir;

(b) míniú lena nasctar eilimintí an chláir oibríochtaí a leagtar amach in Airteagal 3 (2) leis na réamhaisnéisí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo;

(c) toimhdí pleanála le haghaidh na réamhaisnéisí dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear an líon ionchasach sealbhóirí comharthaí, an líon ionchasach agus an luach ionchasach idirbheart in aghaidh an lae agus an meánlíon ionchasach agus an meánluach comhiomlán ionchasach idirbheart in aghaidh an lae le haghaidh thréimhse ionchasach an phlean gnó, spreagthaí brabúsachta, agus mínithe ar an bhfaisnéis chainníochtúil a leagtar amach sa phlean gnó sin;

(d) ríomhanna ar cheanglais cistí dílse an eisitheora is iarratasóir de bhun Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 lena gcumhdaítear ciantréimhse 3 bliana an phlean gnó;

(e) fianaise thacaíochta (lena n-áirítear ráiteas airgeadais iniúchta, nó sliocht as clár na gcuideachtaí) maidir leis an gcaipiteal eisithe, leis an gcaipiteal íoctha agus leis an gcaipiteal nár íocadh go fóill, lena n-áirítear:

(i) maidir le caipiteal a chomhfhreagraíonn do na cistí dílse ríofa nach bhfuil íoctha go fóill, fianaise gur taisceadh an méid sin i gcuntas eascró le hinstitiúid creidmheasa;

(ii) faisnéis maidir le tionscnamh dlisteanach na gcistí a úsáidtear nó atá le húsáid chun an caipiteal a íoc, a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/413 ón gCoimisiún[11];

(f) ríomhanna réamhaisnéise ar mhéid agus ar chomhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní agus a leordhóthanacht chun feidhmiú buan na gceart fuascailte a áirithiú le linn thréimhse ionchasach an phlean gnó.

6. Beidh faisnéis airgeadais an eisitheora is iarratasóir ón am a chuaigh thart sa chlár oibríochtaí freisin, lena n-áirítear:

(a) ráitis airgeadais reachtúla an eisitheora is iarratasóir, ar leibhéal aonair agus, i gcás inarb infheidhme, ar leibhéal comhdhlúite agus fo-chomhdhlúite, arna bhformheas ag an iniúchóir reachtúil, i gcás inarb infheidhme nó ag gnólacht iniúchóireachta seachtraí, lena gcumhdaítear na 3 bliana airgeadais dheireanacha ar a laghad roimh an iarratas ar údarú, lena n-áirítear:

[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/413 an 18 Nollaig 2024 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ina sonraítear inneachar mionsonraithe na faisnéise is gá chun measúnú a dhéanamh ar éadáil bheartaithe sealúchais cháilithigh in eisitheoir comhartha sócmhainn-tagartha (IO L, 2025/413, 31.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/413/oj).

(i) an clár comhardaithe ar an leibhéal aonair agus ar an leibhéal comhdhlúite nó fo-chomhdhlúite i gcás inarb infheidhme;

(ii) na cuntais bhrabúis agus chaillteanais nó na ráitis ioncaim ar an leibhéal aonair, comhdhlúite agus fo-chomhdhlúite i gcás inarb infheidhme;

(iii) ráiteas faoi shreafaí airgid ar leibhéal aonair, comhdhlúite agus fo-chomhdhlúite i gcás inarb infheidhme;

(b) achoimre ar aon fhéichiúnas a thabhaigh an t-eisitheoir is iarratasóir nó a bhfuiltear ag súil go dtabhóidh sé é sula ndéanfar an comhartha sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a thrádála, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, ainm na n-iasachtóirí, aibíochtaí agus téarmaí an fhéichiúnais sin, úsáid na bhfáltas agus, i gcás nach institiúid airgeadais faoi mhaoirseacht é an t-iasachtóir, faisnéis faoi thionscnamh na gcistí a fuarthas ar iasacht nó faoi na cistí a bhfuiltear ag súil lena bhfáil ar iasacht;

(c) achoimre ar aon leas urrúis, ráthaíocht nó slánaíocht a dheonaigh an t-eisitheoir is iarratasóir nó a bhfuil coinne acu lena ndeonú sé iad sula ndéanfar na comharthaí sócmhainn-tagartha a thairiscint don phobal nó a ligean isteach chun a dtrádála;

(d) i gcás ina bhfuil sí ar fáil, faisnéis faoi rátáil chreidmheasa an eisitheora is iarratasóir agus, i gcás inarb infheidhme, rátáil fhoriomlán aon ghrúpa ar cuid de í;

(e) i gcás go bhfuil an t-eisitheoir is iarratasóir ar an bhfód le tréimhse níos lú ná 3 bliana, le haghaidh na mblianta nach gcumhdaítear le ráitis airgeadais, achoimre nuashonraithe chomh gar agus is féidir don dáta iarratais ar údarú, ar staid airgeadais an eisitheora is iarratasóir agus i gcás na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí ag a bhfuil sealúchais cháilitheacha, ráitis airgeadais na 3 bliana i gcás daoine dlítheanacha nó a ndearbhú cánach i gcás daoine nádúrtha.

*Airteagal 4*

*Faisnéis faoi na socruithe rialachais inmheánaigh agus faoin eagrúchán struchtúrach*

1. San iarratas ar údarú, agus chun críocha Airteagal 18(2), pointe (f) de Rialachán (AE) 2023/1114, beidh faisnéis shoiléir chuimsitheach maidir le heagrúchán, struchtúr oibríochtúil agus socruithe rialachais an eisitheora is iarratasóir lena léireofar go bhfuil siad dea-cheaptha agus go n-áirithítear leo bainistiú fónta stuama an eisitheora is iarratasóir. San fhaisnéis sin beidh an méid seo a leanas:

(a) an chairt eagraíochtúil lena leagtar síos an struchtúr oibríochtúil i dtéarmaí línte gnó agus aonad gnó agus leithdháilte ghaolmhair foirne, na n-idirghníomhaíochtaí idir feidhmeanna éagsúla an eisitheora is iarratasóir, an léirithe ar línte tuairiscithe soiléire agus éifeachtacha agus leithdháilte freagrachtaí lena léirítear gníomhaíochtaí gnó an eisitheora is iarratasóir;

(b) téarmaí tagartha an chomhlachta bainistíochta, le mapáil ar róil, dualgais agus línte tuairiscithe gach comhalta;

(c) tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar an líon agus ar an bpróifíl acmhainní daonna atá beartaithe, lena n-áirítear sinsearacht, scileanna, saineolas na ndaoine sin, agus acmhainní teicniúla, lena n-áirítear gnéithe agus feidhmeanna sonracha, a bheith cothrom le dáta, gné nuálach mar aon le míniú ar

leordhóthanacht na n-acmhainní daonna agus teicniúla chun an plean gnó a chur chun feidhme;

(d) tuairisc mhionsonraithe ar na nósanna imeachta agus ar na socruithe chun tuairisciú cruinn tráthúil sonraí a bhaineann leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha a áirithiú;

(e) tuairisc ar an gcód iompair lena leagtar síos luachanna corparáideacha eiticiúla agus gairmiúla an eisitheora is iarratasóir agus an cultúr riosca;

(f) tuairisc ar na nósanna imeachta láimhseála gearán dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán 2023/1114 agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/293 ón gCoimisiún[12];

(g) tuairisc ar an mbeartas coinbhleachtaí leasa dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán 2023/1114 agus i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 32(5) de Rialachán (EU) 2023/1114;

(h) tuairisc ar na nósanna imeachta lena n-áirithítear go gcomhlíonfaidh an t-eisitheoir is iarratasóir na ceanglais uile maidir le nochtadh do shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2023/1114;

Chun críocha phointe (c), léireofar san iarratas ar údarú freisin staid iarbhír na himeartha maidir le cur chun feidhme an struchtúir oibríochtúil atá beartaithe, lena n-áirítear an plean earcaíochta le haghaidh na n-acmhainní daonna, agus fáil agus oibríochtú na n-acmhainní teicniúla.

2. San iarratas ar údarú, beidh ainmneacha agus sonraí teagmhála na soláthraithe seirbhísí tríú páirtí uile a bhfuil sé beartaithe ag an eisitheoir is iarratasóir socruithe a thabhairt i gcrích leo chun an cúlchiste sócmhainní a oibriú agus a bhfuil socruithe tugtha i gcrích aige cheana leo chun an cúlchiste sócmhainní a oibriú, agus chun na cúlsócmhainní a infheistiú, na cúlsócmhainní a chumhdach agus, i gcás inarb infheidhme, na comharthaí sócmhainn-tagartha a dháileadh ar an bpobal dá dtagraítear in Airteagal 34(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 agus tuairisc ar shocruithe tríú páirtí den sórt sin, lena n-áirítear an méid uile seo a leanas:

(a) an réasúnaíocht le húsáid soláthraí seirbhíse tríú páirtí chun tacú le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha nó iad a dhéanamh;

(b) suíomh an tsoláthraí seirbhíse tríú páirtí agus, i gcás inarb infheidhme, an suíomh ina ndéantar na sonraí a stóráil nó a phróiseáil;

(c) acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla an tsoláthraí seirbhíse tríú páirtí a bhaineann le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha;

(d) córas rialaithe inmheánaigh an eisitheora is iarratasóir chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar an socrú leis an soláthraí tríú páirtí;

(e) na pleananna leanúnachais gnó i gcás nach féidir leis an soláthraí seirbhíse tríú páirtí leanúnachas seirbhíse a sholáthar;

[12] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/293 ón gCoimisiún maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais, na teimpléid agus na nósanna imeachta chun gearáin a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha a láimhseáil (IO L, 2025/293, 13.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/293/oj

(f) ábhar na socruithe conarthacha maidir leis an oibleagáid rochtain ar fhaisnéis agus cearta cigireachta agus iniúchóireachta a áirithiú don eisitheoir is iarratasóir agus don údarás inniúil araon;

(g) an líne tuairiscithe chuig an gcomhlacht bainistíochta.

*Airteagal 5*
*Faisnéis maidir leis an gcreat rialaithe inmheánaigh*

1. San iarratas ar údarú beidh tuairisc chuimsitheach ar chreat rialaithe inmheánaigh an eisitheora is iarratasóir, lena n-áirítear an méid uile seo a leanas:

(a) tuairisc chuimsitheach ar an bhfeidhm comhlíonta inmheánaigh mar chuid den sásra rialaithe inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 34(10) de Rialachán (AE) 2023/1114 ag a bhfuil údarás, stádas, acmhainní leordhóthanacha agus rochtain dhíreach leordhóthanach ar an gcomhlacht bainistíochta;

(b) tuairisc chuimsitheach ar an gcreat bainistithe riosca, agus ar an bhfeidhm bainistithe riosca i gcás ina mbunaítear í, nó i gcás ina gcuirtear faoi chúram soláthraí tríú páirtí í, i gcomhréir le comhréireacht i dtéarmaí méide, castachta agus próifíle riosca, na socruithe gaolmhara tríú páirtí i gcomhréir le hAirteagal 4(2);

(c) tuairisc chuimsitheach ar na córais agus rialuithe bainistithe riosca, ina mínítear straitéis an eisitheora is iarratasóir chun na rioscaí uile a bhfuil an t-eisitheoir is iarratasóir neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh an t-eisitheoir is iarratasóir a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a mheas, faireachán a dhéanamh orthu, iad a mhaolú agus iad a thuairisciú, lena n-áirítear rioscaí do shealbhóirí comhartha sócmhainn-tagartha, rioscaí margaidh, rioscaí leachtachta, rioscaí comhchruinnithe, rioscaí oibríochtúla, rioscaí TFC, rioscaí a bhaineann le clú, dlí, iompar, comhlíonadh, ESG, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus rioscaí straitéiseacha;

(d) tuairisc chuimsitheach ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí mar chuid den sásra rialaithe inmheánaigh de réir Airteagal 34(10) de Rialachán (AE) 2023/1114 i gcás ina mbunófar é sin, nó, i gcás, i gcomhréir le comhréireacht i dtéarmaí mhéid, chastacht agus phróifíl riosca ghníomhaíochtaí an iarratasóra eisitheora, gur cuireadh an sásra sin de chúram ar sholáthraí tríú páirtí, tuairisc chuimsitheach ar na socruithe leis an tríú páirtí lena n-áireofar na heilimintí uile dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (g) den Rialachán seo, chomh maith le hainm agus sonraí teagmhála an iniúchóra sheachtraigh arna cheapadh;

(e) míniú ar na socruithe rialachais arna gcur chun feidhme chun deighilt agus leithscaradh leordhóthanach dhualgais na línte gnó agus na n-aonad gnó ó na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a áirithiú mar chuid den sásra rialaithe inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 34(10) Rialachán (AE) 2023/1114, agus míniú ar na socruithe arna gcur chun feidhme chun neamhspleáchas na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh a áirithiú, lena n-áirítear trína rochtain dhíreach ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistithe agus mhaoirseachta.

Chun críocha phointe (c), áireofar sa tuairisc freisin ráiteas inghlacthachta riosca an eisitheora is iarratasóir agus a lamháltas riosca, lena n-áirítear na nósanna imeachta

agus na bearta atá beartaithe chun na rioscaí sainaitheanta a bhainistiú laistigh den inghlacthacht riosca.

2. San iarratas ar údarú beidh tuairisc ar na socruithe agus ar na hacmhainní sannta TFC agus daonna chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an t-eisitheoir is iarratasóir Rialachán (AE) 2022/2554, lena n-áirítear an fhaisnéis uile seo a leanas i ndáil le córais, prótacail agus uirlisí TFC an eisitheora is iarratasóir:

(a) doiciméadacht theicniúil mhionsonraithe lena n-áirítear tuairisc ar an gcreat bainistithe riosca TFC i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2022/2554, lena léirítear cumas an eisitheora is iarratasóir aghaidh a thabhairt ar riosca TFC go tapa, go héifeachtúil agus go cuimsitheach agus ardleibhéal athléimneachta digití oibríochtúla a áirithiú;

(b) mionsonraí lena léirítear go gcoinníonn an t-eisitheoir is iarratasóir córais, prótacail agus uirlisí TFC nuashonraithe ar bun atá iomchuí, iontaofa, ag a bhfuil acmhainneacht leordhóthanach chun próiseáil chruinn a dhéanamh ar na sonraí is gá chun gníomhaíochtaí a dhéanamh agus chun seirbhísí a sholáthar go tráthúil, agus atá athléimneach ó thaobh na teicneolaíochta de i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/2254;

(c) tuairisc mhionsonraithe ar an mbeartas slándála lena léirítear go bhfuil córais agus nósanna imeachta an eisitheora is iarratasóir in ann infhaighteacht, barántúlacht, ionracas agus rúndacht sonraí, sócmhainní faisnéise agus sócmhainní TFC a chosaint, lena n-áirítear cinn a gcustaiméirí i gcomhréir le hAirteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2022/2554;

(d) tuairisc chuimsitheach ar an bpróiseas TFC agus ar na córais TFC lena léirítear an cumas faisnéis agus sonraí iontaofa a sholáthar don eisitheoir is iarratasóir chun tacú le ceanglais tuairiscithe sonraí.

3. San iarratas ar údarú beidh tuairisc ar an bplean agus beartas leanúnachais gnó lena n-áiritheofar cumas an eisitheora is iarratasóir oibriú ar bhonn leanúnach agus caillteanais a theorannú i gcás go gcuirfí isteach go mór ar an ngnó. Chun na críche sin, áireofar an méid seo a leanas sa phlean leanúnachais gnó:

(a) mapáil ar na sonraí agus ar na feidhmeanna bunriachtanacha;

(b) forbhreathnú ar na córais chúltaca agus aisghabhála atá ar fáil;

(c) tuairisc ar infhaighteacht na bpríomhbhall foirne i staideanna leanúnachais gnó i gcomhréir le hAirteagal 34(8) de Rialachán (AE) 2023/1114 agus le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2022/2554.

4. I gcás ina ndéantar comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint, a stóráil agus a aistriú trí úsáid a bhaint as DLT dílseánaigh nó teicneolaíocht chomhchosúil arna hoibriú ag an eisitheoir is iarratasóir nó ag tríú páirtí atá ag gníomhú thar a cheann, léireofar san iarratas ar údarú feidhmiú DLT nó feidhmiú na teicneolaíochta comhchosúla lena gcumhdaítear an méid uile seo a leanas:

(a) tuairisc ar theideal dlíthiúil an eisitheora is iarratasóir i leith DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil, cibé acu an ceart maoine é nó caidreamh conarthach eile lena ndéantar rialú ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte nó ar an teicneolaíocht chomhchosúil a sholáthar don eisitheoir is iarratasóir, gan beann ar an imthoisc go bhfuil DLT á oibriú ag gnóthas difriúil;

(b) ainm agus sonraí teagmhála oibreoir nó oibreoirí DLT, murab ionann iad agus an t-eisitheoir is iarratasóir;

(c) plean an eisitheora is iarratasóir nó plean oibritheoir an tríú páirtí maidir le rioscaí a shainaithint, faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu, iad a mhaolú agus iad a chosc, ag féachaint freisin don seach-iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ann ar chripteashócmhainní eile arna n-eisiúint, arna n-aistriú nó arna stóráil ar DLT sin agus ar na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gaolmhara, agus an plean maidir le cothabháil agus nuashonrú teicneolaíochta rialta a dhéanamh ar DLT nó ar theicneolaíocht chomhchosúil;

(d) tuarascáil iniúchóireachta theicniúil agus slándála maidir le comhsheasmhacht fheidhmiú DLT le caighdeáin cháilíochta atá in úsáid sa mhargadh, agus maidir le hoiriúnacht agus leordhóthanacht na bpleananna dá dtagraítear i bpointe (c);

(e) i gcás ina gceadaítear DLT dílseánaigh, tuairisc mhionsonraithe ar na sásraí trédhearcachta.

5. I gcás ina mbeartaítear socruithe comhair idir an t-eisitheoir is iarratasóir agus soláthraithe sonracha seirbhísí cripteashócmhainní, beidh tuairisc mhionsonraithe san iarratas ar údarú ar shásraí agus nósanna imeachta reatha an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní maidir le rialú inmheánach, lena n-áirithítear comhlíonadh na n-oibleagáidí i ndáil le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc faoi Threoir (AE) 2015/849 agus, i gcás inarb infheidhme, faoi Rialachán (AE) 2023/1113. Áireofar sa tuairisc mhionsonraithe sin measúnú réamhbhreathnaitheach ar chomhlíonadh leanúnach na hoibleagáide sin go ceann tréimhse ionchasach 3 bliana phlean gnó an eisitheora is iarratasóir. Féadfaidh an t-údarás inniúil an tuairisc sin agus an measúnú réamhbhreathnaitheach sin arna n-ullmhú ag an soláthraí sonrach seirbhísí cripteashócmhainní a mhalartú leis na húdaráis inniúla maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, agus aonaid um fhaisnéis airgeadais ***nó comhlachtaí poiblí eile,*** i gcomhréir le hAirteagal 20(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114.

*Airteagal 6*
*Bainistiú leachtachta, cúlchiste sócmhainní agus cearta fuascailte*

1. San iarratas ar údarú, beidh an fhaisnéis seo a leanas lena n-áiritheofar comhlíonadh na gceanglas maidir le bainistiú leachtachta agus maidir leis an gcúlchiste sócmhainní:

(a) an creat cuimsitheach mionsonraithe lena léirítear comhdhéanamh, comhdhéanamh, bainistiú agus leithscaradh an chúlchiste sócmhainní, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(b) an beartas soiléir mionsonraithe lena dtugtar tuairisc ar shásra cobhsaíochta an chomhartha sócmhainn-tagartha dá bhfuil an t-údarú á lorg, i gcomhréir le hAirteagal 36(8) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(c) ainm an tsainchomhairleora sheachtraigh a bheidh i gceannas ar an iniúchadh neamhspleách ar an gcúlchiste sócmhainní gach 6 mhí i gcomhréir le hAirteagal 36(9) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(d) an beartas mionsonraithe agus na nósanna imeachta mionsonraithe maidir leis an gcúlchiste sócmhainní a chumhdach, lena n-áirítear an mhódúlacht cumhdaigh roghnaithe, lena n-áirithítear comhlíonadh Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(e) beartas soiléir mionsonraithe an chúlchiste sócmhainní, i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114;

(f) mionsonraí na socruithe conarthacha a rinneadh le tríú páirtithe maidir le hoibriú, infheistiú agus cumhdach an chúlchiste sócmhainní, i gcomhréir leis na beartais dá dtagraítear i bpointí (d) agus (e).

Chun críocha phointe (a), i gcás ina ndéanann an t-eisitheoir is iarratasóir iarratas ar aicmiú deonach an chomhartha sócmhainn-tagartha mar chomhartha sócmhainn-tagartha suntasach, beidh an beartas agus na nósanna imeachta bainistithe leachtachta sa chreat. Léireofar sa chreat freisin na línte tuairiscithe don chomhlacht bainistíochta agus mar a áiritheofar freagracht an chomhlachta bainistíochta as bainistiú stuama an chúlchiste sócmhainní.

Chun críocha phointe (f), léireofar sa tuairisc mhionsonraithe ainm agus sonraí teagmhála na soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, agus léireofar róil, freagrachtaí, cearta agus oibleagáidí eisitheoir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus na soláthraithe seirbhíse tríú páirtí araon mar ghnóthas leantach agus i gcás chur chun feidhme an phlean fuascailte lena n-áirítear an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh. I gcás ina meastar gur gníomhaíochtaí criticiúla don fhuascailt ordúil iad na seirbhísí sin i gcomhréir le hAirteagal 47(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114, léireofar sa tuairisc freisin nach féidir an conradh a fhoirceannadh, ach go mbeidh sé oibríochtúil i gcás chur chun feidhme an phlean fuascailte i gcomhréir le hAirteagal 47(1) den Rialachán sin. Áireofar freisin sa tuairisc ar na socruithe conarthacha an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den Rialachán seo, de réir mar is infheidhme.

Áireofar sa tuairisc ar na socruithe conarthacha le soláthraithe seirbhíse tríú páirtí chun an cúlchiste sócmhainní a chumhdach na bearta arna ndéanamh ag an soláthraí seirbhíse tríú páirtí chun deighilt dhlíthiúil agus oibríochtúil óna shócmhainní féin a áirithiú.

2. Beidh an méid seo a leanas san iarratas ar údarú freisin:

(a) beartas agus nósanna imeachta soiléire agus mionsonraithe lena n-áiritheofar go n-urramófar na cearta fuascailte a dheonaítear do shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(b) achoimre ar an bplean téarnaimh atá le forbairt i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(c) an plean fuascailte atá le cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2023/1114.

*Airteagal 7*

*Céannacht agus cruthúnas ar dhea-cháil, ar eolas, ar scileanna, ar thaithí agus ar thiomantas leordhóthanach ama chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta*

1. Soláthrófar in iarratas ar údarú do gach comhalta den chomhlacht bainistíochta na sonraí pearsanta uile seo a leanas agus cruthúnas ar dhea-cháil, ar eolas, ar scileanna, ar thaithí agus ar chumas leordhóthanacht ama a thiomnú dá chuid dualgas a dhéanamh:

   (a) ainm iomlán agus, i gcás nach ionann é, ainm tráth na breithe;

   (b) áit bhreithe agus dáta breithe, seoladh agus sonraí teagmhála na háite cónaithe reatha, náisiúntacht nó náisiúntachtaí, agus uimhir aitheantais phearsanta nó cóip de chárta aitheantais nó a chomhionann;

   (c) mionsonraí an phoist atá nó a bheidh aige, lena n-áirítear cibé acu an post feidhmiúcháin nó neamhfheidhmiúcháin é, an dáta tosaigh nó an dáta tosaithe beartaithe agus, i gcás inarb infheidhme, fad an tsainordaithe, agus tuairisc ar na príomhdhualgais agus ar na príomhfhreagrachtaí;

   (d) *curriculum vitae* ina mbeidh mionsonraí ar oideachas agus ar thaithí, lena n-áirítear taithí ghairmiúil, cáilíochtaí acadúla, oiliúint ábhartha eile, lena n-áirítear ainm agus cineál na n-eagraíochtaí uile ar oibrigh an duine dóibh agus cineál agus fad na bhfeidhmeanna a comhlíonadh, agus béim á leagan go háirithe ar aon ghníomhaíocht, laistigh de raon feidhme an phoist atá á lorg, atá ábhartha maidir le seirbhísí airgeadais, cripteashócmhainní, nó sócmhainní digiteacha eile, DLT, teicneolaíocht faisnéise, cibearshlándáil, nuálaíocht dhigiteach nó taithí bhainistíochta;

   (e) stair phearsanta, lena n- áirítear gach ceann díobh seo a leanas, i leith náisiúntacht nó náisiúntachtaí an duine, agus áiteanna cónaithe an duine le 10 mbliana anuas murab ionann iad agus tír na náisiúntachta nó na náisiúntachtaí:

      (i) easpa taifead coiriúil i leith ciontuithe nó easpa pionós arna bhforchur faoin dlí tráchtála is infheidhme, faoin dlí dócmhainneachta agus faoin dlí seirbhísí airgeadais is infheidhme, nó maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta, le calaois nó le dliteanas gairmiúil trí dheimhniú oifigiúil nó trí dhoiciméad coibhéiseach nó, i gcás nach ann do dheimhnithe den sórt sin, aon fhoinse iontaofa faisnéise a bhaineann le heaspa ciontuithe, imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla.;

      (ii) faisnéis faoi dhiúltú clárúcháin, údaraithe, comhaltais nó ceadúnais chun gabháil do cheird, do ghnó nó do ghairm, nó aistarraingt, cúlghairm nó foirceannadh clárúcháin, údaraithe, comhaltais nó ceadúnais, nó díbirt ag comhlacht rialála nó rialtais nó ag comhlacht gairmiúil nó ag comhlachas gairmiúil;

      (iii) faisnéis faoi dhífhostú as fostaíocht nó as post iontaoibhe, as caidreamh muiníneach nó as staid chomhchosúil, nó an fíoras gur iarradh ar an duine éirí as fostaíocht i bpost den sórt sin, gan iomarcaíochtaí a áireamh,

      (iv) faisnéis i dtaobh an ndearna údarás inniúil eile measúnú ar chlú an duine lena mbaineann, lena n-áirítear céannacht an údaráis sin, dáta an mheasúnaithe agus fianaise ar thoradh an mheasúnaithe sin;

      (v) faisnéis i dtaobh an ndearna údarás ó earnáil neamhairgeadais eile measúnú ar an duine aonair nó an duine lena mbaineann, lena n-áirítear

céannacht an údaráis sin, dáta an mheasúnaithe agus fianaise ar thoradh an mheasúnaithe sin;

(f) tuairisc ar na leasanna airgeadais agus neamhairgeadais uile a d'fhéadfadh coinbhleachtaí leasa ábhartha a chruthú a dhéanfadh difear d'iontaofacht bhraite an duine lena mbaineann i bhfeidhmiú an tsainordaithe mar chomhalta de chomhlacht bainistíochta an eisitheora is iarratasóir, lena n-áirítear:

(i) aon leas airgeadais, lena n-áirítear cripteashócmhainní, sócmhainní digiteacha eile, iasachtaí, scairshealbha, ráthaíochtaí nó leasanna urrúis, cibé acu a deonaíodh nó a fuarthas iad, agus leasanna nó caidrimh neamhairgeadais, lena n-áirítear daoine a bhfuil dlúthbhaint acu leo amhail céile, páirtí cláraithe, comhchónaitheoir, leanbh, tuismitheoir nó gaol eile lena roinneann an duine cóiríocht chónaithe, idir an duine nó garghaolta an duine sin nó aon chuideachta a bhfuil dlúthbhaint ag an duine léi, agus an t-eisitheoir is iarratasóir, a mháthairghnóthas nó a fhochuideachtaí, lena n-áirítear aon chomhalta den chomhlacht bainistíochta nó aon duine a shealbhaíonn sealúchas cáilitheach san eisitheoir is iarratasóir;

(ii) cibé acu a sheolann nó nach seolann an duine aon ghnó nó cé acu atá nó nach bhfuil nó a bhí nó nach raibh aon chaidreamh tráchtála ag an duine le 2 bhliain anuas, le haon duine de na daoine a liostaítear i bpointe (i), nó cé acu atá nó nach bhfuil an duine páirteach in aon imeacht dlíthiúil le haon duine den sórt sin;

(iii) cibé acu atá nó nach bhfuil aon leas iomaíoch ag an duine agus ag na daoine a bhfuil dlúthbhaint aige leo mar a shonraítear i bpointe (i) leis an eisitheoir is iarratasóir, lena mháthairghnóthas nó lena fhochuideachtaí;

(iv) aon oibleagáid airgeadais i leith an eisitheora is iarratasóir, a mháthairchuideachta nó a fhochuideachtaí;

(v) an duine atá neamhchosanta go polaitiúil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (9), de Threoir (AE) 2015/849, é an duine le 2 bhliain anuas;

(vi) i gcás ina sainaithnítear coinbhleacht leasa ábhartha, ráiteas faoin gcaoi a ndéanfar an choinbhleacht sin a mhaolú nó a leigheas, lena n-áirítear tagairt don achoimre ar an mbeartas maidir le coinbhleacht leasa;

(g) faisnéis maidir leis an gcumas leordhóthanacht ama a thiomnú chun a chuid dualgas a dhéanamh san eisitheoir is iarratasóir, lena n-áirítear:

(i) an tréimhse íosta mheasta, in aghaidh na bliana agus in aghaidh na míosa, a chaithfidh an duine lena mbaineann ar fheidhmiú fheidhmeanna an duine sin laistigh den eisitheoir is iarratasóir;

(ii) liosta de na sainorduithe tráchtála atá ag an duine lena mbaineann;

(iii) liosta de dhualgais a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhthráchtála nó a bhunaítear chun leasanna eacnamaíocha an duine lena mbaineann a bhainistiú agus chun na gcríoch sin amháin;

(iv) liosta d'aon fhreagracht bhreise atá bainteach leis na dualgais dá dtagraítear i bpointe (iii), lena n-áirítear cathaoirleacht a dhéanamh ar choiste;

(v) an tréimhse mheasta i laethanta in aghaidh na bliana a ndírítear ar gach sainordú lena linn;

(vi) an líon cruinnithe in aghaidh na bliana ar lena linn a ndíreofar ar gach dualgas faoi seach.

Chun críocha phointe (e)(i), beidh taifid, deimhnithe agus doiciméid oifigiúla eisithe laistigh de 3 mhí roimh an iarratas ar údarú a chur isteach.

2. Torthaí aon mheasúnú oiriúnachta ar gach comhalta den chomhlacht bainistíochta, arna dhéanamh ag an eisitheoir is iarratasóir, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(a) miontuairiscí ábhartha an bhoird;

(b) an cinneadh maidir leis an measúnú oiriúnachta;

(c) i gcás inar measadh nach bhfuil an taithí is gá ag an duine lena mbaineann, agus ar choinníoll go gcomhlíontar an taithí íosta is gá, mionsonraí an phlean oiliúna a forchuireadh, lena n-áirítear ábhar agus soláthraí an phlean oiliúna, agus an dáta faoinar tugadh an plean oiliúna i gcrích nó faoina gcuirfear i gcrích é.

3. Ráiteas maidir le measúnú foriomlán an eisitheora is iarratasóir ar oiriúnacht chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta lena ndoiciméadaítear go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an taithí iomchuí ag an gcomhlacht bainistíochta i dteannta a chéile chun an t-eisitheoir is iarratasóir a bhainistiú, lena n-áirítear miontuairiscí boird ábhartha nó tuarascáil nó doiciméid ábhartha maidir le measúnú oiriúnachta.

### *Airteagal 8*
### *Faisnéis a bhaineann le scairshealbhóirí nó comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu*

San iarratas ar údarú, beidh faisnéis maidir le dea-cháil leordhóthanach scairshealbhóirí agus comhaltaí ag a bhfuil sealúchais cháilitheacha dhíreacha agus indíreacha san eisitheoir is iarratasóir, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

(a) cairt ina leagtar amach struchtúr sealúchais an eisitheora is iarratasóir, lena n-áirítear miondealú ar a chaipiteal agus ar a chearta vótála agus ainmneacha na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí ag a bhfuil sealúchais cháilitheacha dhíreacha agus indíreacha araon;

(b) i gcás gach scairshealbhóra nó comhalta ag a bhfuil sealúchas cáilitheach díreach nó indíreach san eisitheoir is iarratasóir, an fhaisnéis agus na doiciméid maidir lena aitheantas agus lena cháil mar a leagtar amach in:

(i) Airteagal 1(1), Airteagal 2(1), pointí (a), (b), (c), agus (e) agus Airteagal 2(2), pointí (a) agus (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/413, i gcás daoine nádúrtha; nó

(ii) Airteagal 1(2), (3), (4) nó (5) agus Airteagal 3(1), pointí (a) go (e), nó Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/XX [C(2024)6902], i gcás daoine dlítheanacha;

(c) céannacht gach comhalta de chomhlacht bainistíochta an eisitheora is iarratasóir a cheap an duine sin, nó a cheapfar tar éis ainmniúchán a fháil ón duine sin, ag a bhfuil sealúchais cháilitheacha, mar aon leis an bhfaisnéis a leagtar amach in Airteagal 8(1) agus (2), i gcás nár soláthraíodh an fhaisnéis sin cheana féin;

(d) i gcás gach scairshealbhóra nó comhalta a shealbhaíonn sealúchas cáilitheach díreach, an fhaisnéis seo a leanas faoina shealúchas, cibé acu scaireanna nó sealúchais eile atá ann:

(i) líon agus cineál;

(ii) luach ainmniúil;

(iii) aon phréimh a íocadh nó atá le híoc;

(iv) aon leas urrúis nó eire arna gcruthú thar shealúchas den sórt sin, lena n-áirítear céannacht na bpáirtithe urraithe;

(e) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6, pointí (b), (d) agus (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/413;

(f) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2025/413.

Chun críocha phointe (b), shainaithnítear sealúchais cháilitheacha indíreacha i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/413.

*Airteagal 9*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.6.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*